CEAD PLEANÁLA Á LORG AG FILE

SA tseanracht, nuair a bhí gradam ag baint le ceird na filíochta, níor chás do na filí go raibh pátrúin acu bheith buartha i dtaobh an lae amáirigh. Ach dála gach aon ghairme, níor éirigh ach le cuid den dáimh an barr a bhaint amach, agus an uair is fearr a bhí an saol ag na héigse is baolach go raibh cuid acu ná raibh ach ag tarrac an tsnátha. Ar ball, nuair a bhí an saol Gaelach titithe as a chéile, ní raibh maireachtaint a thuilleadh ar an gceird ag aon duine in aon chor de na filí, mar ná raibh meas ná tuiscint ar an sórt san ruda ag na bodaigh 'gan iúl gan aithne' a bhí anois in uachtar. Is baolach gur mó duine go raibh breall air, fé mar a bhí ar Aogán Ó Rathaille an uair úd a chuaigh sé ag triall ar Sir Valentine Browne – 'an fiach iasachta' a 'shiúl ar cheart na gCarrthach gcaoin', agus ná fuair sé mar thoradh ar a iarratas ach 'éaradh, eiteach agus lán-diúltadh'. Ach bhí toradh eile ar an eachtra san: ceann de na haoir is fuaimeatúla dá bhfuil againn sa Ghaeilge.

DÁTH Ó HIARLAITHE AGUS AN RIDIRE

Nuair a tháinig an Ridire Seon Colltais (Colthurst) i seilbh an eastáit i mBaile Bhuirne a bhí le cianta ag muintir Iarlaithe, ní doicheall ná dothíos a thaispeáin Dáth Ó hIarlaithe dhó ach rud ab fhearr a oiriúnódh an ócáid, dar leis. Bhí sé de cháil ar an mhuintir chéanna nárbh fhéidir iad a chur chun feirge, agus dá chomhartha san níor dhóigh leat ar an ndán a cheap Dáth don Ridire ná go rabhadar tógtha go brách leis an ngaiscíoch fir a bhí tagaithe ina measc.[1] Ach pé brí a bhain Colthurst as an gcaint – má shrois sí riamh chomh fada leis – níor dhein sí an bheart do mhuintir Iarlaithe, agus b'éigin dóibh bailiú leo.

DONNCHA BÁN AGUS SIR GEORGE

Ní fearr a d'éirigh le Donncha Bán Ó Loingsigh leis an gcéad Ridire eile a tháinig san áit. Bhí Doinsín Bán (mar a tugtaí air cois baile) i mbarra na bhFoithre 'ar imeallaibh arda' an eastáit, agus é ag adharcáil leis an saol a' d'iarraidh bheith ag déanamh cíosa don Ridire. Ach bhí an saol ag dul dian air – riaráistí troma cíosa thíos ina choinnibh i leabhar an tseana-thiarna nuair a thug seisean an t-eastát dá mhac, Sir George, i gcaoi go raibh Doinsín bocht in ionachruth an dealúis cheana féin nuair a tháinig an Ridire nua i gceannas.

Duine leice, drochshláinteach ab ea an fear san, agus mar bharr ar a dheacrachaibh bhí cos mhaide fé. Shocraigh Donncha Bán ina aigne nár bhfearra dhó seift ná dul i muinín na filíochta, ag brath air go mbogfadh san Sir George chun a raibh ina choinnibh a mhaitheamh dó:

[1] Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, LS M 9, lch 336.

 © Institiúid Ard-léinn Bhaile Átha Cliath 1990

Dé bheatha-sa, a Ridire, ó fhillis it' shláinte,
is mise le spás i ngátar mhór,
a' brath ar tu fhiscint go ndineathá scáth
do dhuine mar táim gan áit ná treó. . . .

'Sé airím ag gach duine de thuiscint á rá
gurb é an Ridire é is fearr dá dtáinig fós,
go mbíonn baraille is fiche ag an Muileann a' tál do
nuair a thigeann an ráib den árdfhuil chóir. . . .[2]

Ach d'ainneoin gur chuir Seán Máistir Ó hIarlaithe Béarla ar an ndéantús níor bhog san é. Níor mhó an meas a bhí ag an mac ar an éigse ná mar a bhí ag an athair roimis, agus caitheadh Donncha bocht amach as an bhfeirm. Ach mar shásamh dó féin, bheartaigh sé athchórú a chur ar a dhéantús agus an fhírinne lom d'insint an babhta so. Thosnaigh sé air, agus le casadh a thabhairt don chaint tríd síos níor fhág sé fuíoll cáinte ar an Ridire bhocht – agus níorbh é a dhearúd an chos mhaide a bhí fé a lua:

Tá a cheathrúna briste 's a chosa túrnáltha –
'sé an Ridire é is gráinne tháinig fós![3]

DOMHNALL Ó HEICHTHIARAINN AGUS RIOBARD NUINSEANN

Is trua ná fuil ach fíorbheagán eolais againn i dtaobh na beirte lena mbaineann an dán atá i gcló anso againn. Tá sé le fáil ar bhilleog aonair imeasc na bpáipéar atá ag deireadh an Duanaire Nuinnsinigh (LS G 992 sa Leabharlann Náisiúnta).[4] Ós é an tOllamh Brian Ó Cuív is fearr a thug cuntas dúinn ar an lámhscríbhinn chéanna, is cuí go ndéanfainn an t-alt so a thiomnadh dhó ar an ócáid seo.[5]

Is garbh teimhealaithe an bhilleog í agus ní fuiriste an téacs a léamh in áiteanna uirthi. Ar a cúl tá an nóta so scríofa ag duine éigin: 'This appears to have been written for Robert Nugent who died in 1770'. De réir pháipéirí mhuintir Nuinseann atá cláraithe ag an Sir John Ainsworth sa Leabharlann Náisiúnta ('Reports on private collections', uimh. 166), fuair an Riobard so bás ar an ochtú lá déag de mhí Eanáir na bliana 1770, agus é 66 bliana d'aois. Ar an gcúigiú lá de mhí Dheireadh Fómhair 1703 a rugadh é; phós sé Anastatia Lincoln sa bhliain 1740, agus ceapadh é ina Chaptaen ar an Cavan Militia Regiment of Foot sa bhliain 1756, ach is beag eolas fairis sin atá le fáil ina thaobh.

[2]Tá cheithre véarsa den dán so i gcló ag S. Ó Cróinín agus D. Ó Cróinín (eag.), *Seanachas Amhlaoibh Í Luínse* (Baile Átha Cliath 1980) 300–301.

[3]ibid., 302. Geofar an 'chéad leagan' den véarsa so ag D. Ó Ceocháin (eag.), *Saothar Dhámhsgoile Mhúsgraighe* (Baile Átha Cliath 1933) xvii.

[4]Tá trácht gairid déanta agam ar an lámhscríbhinn seo: 'A poem to Toirdhealbhach Luinneach Ó Néill', *Éigse* 16 (1975–6) 50–66.

[5]B. Ó Cuív, *The Irish bardic duanaire or 'poem-book'* (R. I. Best Memorial Lecture, Dublin 1973) 11–14.

Mar leis an bhfile, ní féidir a thuairimiú ach go mb'fhéidir gurbh é an Domhnall Ó hEichthiarainn céanna é go bhfuil péire dán luaite leis i gclár na lámhscríbhinní san Acadamh Ríoga: *Mo thurruinn chreach mo ridire anshiar ó'n ngleann* (23 G 20, lch 172) agus *M'ochlán-sa Tomás fá dhíon san bhfeart* (23 N 4, lch 40; 23 M 14, lch 371; 23 N 12, lch 138). 'Do Ridire an Ghleanna Tomás Geanc Mac Gearailt' a cumadh an dá dhán san. Is maith an dóigh gurb é an Domhnall céanna atá i gceist sa bharántas a scríobh Aodh Buí Mac Cruitín .i. *an reathaire ráiméiseach dá ngoirthear Dónall Ó hEachiarainn.*[6]

Is léir gur Muimhneach gurbh ea Domhnall Ó hEichthiarainn ach ní féidir suíomh na teangmhála a dheimhniú ón ndán, mar nách leor de threoir an t-aon áitainm atá luaite ann .i. Léim Chon. Bhí brainse de na Nuinseannaigh lonnaithe láimh le cathair Chorcaí, ach ní heol dúinn aon bhaint a bheith ag éinne acu le Léim Chon na Mathúnach in iarthar theas na contae sin. Tharlódh gur ciorrú ar *Léim Chon Chulainn* .i. Ceann Léime i gContae an Chláir, atá i gceist, agus go gciallaíonn 'ó Léimchon go taoide' an réimse thart ar bhéal na Sionainne chomh fada suas le cathair Luimnigh. (Níorbh aon 'fiacha iasachta' sa dúthaigh sin Ridirí an Ghleanna ná muintir Eichthiarainn ach chomh beag.) I gcontaetha na hIarmhí agus an Chabháin a bhí príomháitreabh na Nuinseannach, ach ní móide go raghadh an file chomh fada san ó thuaidh leis an dtagairt do Chlár Luirc.

Pé gleann é siúd go raibh a thriall ag Riobard Nuinseann air is cosúil gurb ann a bhí cónaí ar an bhfile an tráth san, agus is deimhin gur shíl sé nárbh fhearr ócáid dó 'cead imlíneach' a lorg ar an dtiarna nua ná i ndeireadh an dáin fháiltithe. *Léim Chon* an t-aon áit amháin atá luaite sa dán, agus cé nách eol dom aon áit den ainm sin sna ceantair go raibh baint ag muintir Nuinseann leo ní hionann san is a rá ná féadfadh a leithéid a bheith ann. Ach nuair ná raibh aon bhaint ag Riobard Nuinseann le Contae Chorcaí ní móide go raibh aon ní a thógfadh chomh fada san as baile é.

Ní ar a fheabhas mar litríocht is mó a chuirfeadh duine suim sa dán so, ach mar dheimhniú air go raibh duine eile in áit eile gurbh fhiú leis dul i muinín na véarsaíochta Gaeilge ag brath ar rud éigin a fháil ó thiarna talún. Murab ionann agus na Colthursts, tá ana-sheans gur thuig Riobard Nuinseann na véarsaí, agus ba dhual sinsear dó san, i gcás nách aon áibhéil ag an bhfile a bhfuil ráite aige ina thaobh san. Ba mhó go mór an díol molta ag filí na Gaeilge iad na Nugents ná na Colthursts, agus ba dhoimhne a bhí na préamhacha curtha acu i dtalamh na hÉireann. Níorbh annamh ag troid iad ar thaobh na nGael, agus mar leis an dteangain de is leor beirt acu a lua: Uilliam, a chum

[6]P. Ó Fiannachta (eag.), *An Barántas* (Má Nuad 1978) 119–22. 'Siar go Léim' atá ag an bhfile fé dhó: línte 150 agus 156; feic 'ó Léimchon go taoide' ag an bhfile s'againne, líne 15. Táim fé chomaoin ag an Eagarthóir, a thug an tagairt seo dhom.

Diombáidh triall ó thulchaibh Fáil[7] agus a raibh ardmheas ag Giolla Brighde Ó hEoghusa air;[8] agus Criostóir a chuir an chéad *Teach yourself Irish* le chéile don Bhanríon Eilís timpeall na bliana 1570.[9]

Ní fios dúinn an bhfuair Domhnall 'ceart slí botháin' ón Nuinseannach, ach ní haon drochchomhartha é gur coinníodh an t-iarratas go taiscithe ó shin ar thaobh na fothana den Duanaire Nuinseannach. Ní haon éagóir é a rá ná raibh aon bhreith mar fhile ag Domhnall ar Dháth Ó hIarlaithe ná ar Dhonncha Bán Ó Loingsigh, gan trácht ar Aogán Ó Rathaille. Ach tá sé ráite go roinneann Dia na subháilcí, agus bhí sé d'ádh air nách aon fhiach iasachta a casadh air ach duine de na fíoruaisle. Dá mbeadh sé de rath ar mhuintir Iarlaithe gur duine acu san a chuirfí ag triall orthu is ró-dhócha go mairfeadh an Chúirt Éigse tamall eile i dTigh na Cille.

Níl dabht ná gur ó láimh an fhile féin don scríbhinn agus nách athchóip í ach an bhunchóip a scríobhadh síos le linn a cumtha, mar go bhfuil roinnt mhalairt leagan tríd agus roinnt fhocal scriosta amach. Ar chiumhais na billeoige, ó bhun go barr, atá an véarsa ceangail scríofa, agus ní miste a rá ná gur feidhmiúil an focal scuir é.

AG SO CHUIM RUIBIRD NUINSIN

Fáilte agus míle do Ruibeard gheal Naoínsin
'sé seabhac mear gnaoígheal na féile,
tá calma croídhbhuil, gan bhasdul gan chínnteacht,
'sé t'ainmse saoírfhlaith na daonacht.

Aitchim ar Aoísa gur fada gan díth thú
gan sgaipe gan sgaoíle dod ghaoltaibh,
a bhráithir na bhfíorfhlaith do tháinigh go díreach
mar atá fhios ag lucht sgrídhte na Gaodhilge.

An Ghaodhilge do shaoídhfeach mar théirnidh go díreach
an ghéagso go fíormhaith don Réxfhuil,
tá tréitheach gan chínteacht, lán d'éifeacht is d'íntleacht
's is néamhgheal a ghnaoí is a chaobhchneas.

Ní léir dhom ar aoidhonchor mar é aguin sa taoidhiobhso
chuim réighte gach maoíne bhíoch tréithlag,
's ó Léimchon go taoíde dob éachtach do shínsear
'na réidhbhailte a' díonamh na féile.

[7] In eagar ag G. Murphy 'Poems of exile by Uilliam mac Barúin Dealbhna', *Éigse* 6 (1948–52) 8–15.

[8] Feic O. Bergin, *Irish bardic poetry* (eag. D. Greene, F. Kelly, Dublin 1970) 139–41 dán 35.

[9] Tá cúpla leathanach den láimhleabhar so le feiscint ag J. T. Gilbert (eag.), *Facsimiles of national manuscripts of Ireland* IV.1 (Dublin 1884) § xxii. Díoladh an láimhleabhar ar ceant i Sotheby's Shasana tamall ó shoin: £6,500 a chuaigh sé.

Féile agus fiúntas tá 'n éinfeacht am rúnsa,
daonnacht is ciúineacht is béusa;
'sé an tsaorfhlaith gheal mhúinte is feárr tréithe agus clúmheas
dár léir dhom sa chúige ré chéile.

Níl saorfhuil dá úirde dá thréine nach úrmaith
'tá i ngaodhal isteach dlúth ar mo laochsa,
is mo chéad beannacht lúigim id' aonacht mar chumhdach
's an chraobh agad fúigim tar chéadaibh.

An chraobh agad fágbhuim tar chéudaibh a cClárluirc
a ndaonucht, a ccáilibh 'sa ttréithibh,
a ghéag leabhuir táinigh do laochraibh ab ársath
dár théirnigh ó ardfhuil Mhidhléisius.

Sliocht éachtach na máthar ba tréan seal le námhuid
's is é an buinne an mbeárnuin an bhaoghuil,
is mar déarfach na táinte níl béim a n-aon áit ort
ná éine dhá ttáinigh gach taobh dhíot.

Chuim éirlig do dhíonamh ar chéadaibh dá naoíbhde
dob éachtach do shínsear maith reóbhatsa,
's is éagnach iad sínte ré chéile na taoísig
do léigfeach na fíonta ar na slóighte.

Níl éineach ar aoidhionchor mar é aguin sa taoibhiobhso
chum réidhte gach maoíne bheidheach tréithlag,
's ó Léimchon go taoíde dob éachtach do shínsear
'na réighbhailte a' díonamh na féile.

Fáilte is míle an ghleabhanso dhon tsheabhacso dhon roíghfhuil árd,
Is grádhbhur caoin 's is carthanach 's is fearamhuil 's is fíormhaith cáil,
Na táinte ad chlaoín go bhfeacathar go rathfar maith sa tír le rá,
'S ar ghrásaibh Críosd nár chailliomh thú agus tabhuir dom ceart slíghe
BOTHÁIN.
Domhnall Ó Hichthigheirnn cct.

NÓTAÍ TÉACSA

Sa chórú so, níl aon athrú déanta agam ar fhoirmeacha focal ná ar ghramadach na bunscríbhinne.

13 *ní léir dhom ar aoidhionchor mar é aguin sa taoibhiobhso*: an locht atá ar an líne seo tá sé leighiste ag an bhfile i líne 37, agus níl ach san de dhifríocht idir an dá rann so. 14 *chuim réighte gach maoíne*: dealraíonn sé gur *mbuíne* ba chóir a bheith anso, pé cúis a bhí ag an bhfile leis an urú a chur ann.

22 Ní fuiriste an líne seo a dhéanamh amach ar an lámhscríbhinn mar go bhfuil an páipéar caite ó bheith fillte.

44 *is tabhuir fuaron dom* . . . a bhí ag an bhfile ar dtúis, ach d'athruigh sé an chaint ar mhaithe leis an modh díreach!

DÁIBHÍ Ó CRÓINÍN
Coláiste Ollscoile na Gaillimhe